C/2024/1485

16.2.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/1485)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

'Haspengouwse wijn'

PDO-BE-A1492-AM04

Dáta na teachtaireachta: 24.11.2023

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. **Sainmhíniú ar an limistéar geografach**

Dhá bhardas a bhí neamhspleách tráth a chur leis

Cúis: leathnaíodh an limistéar a chumhdaítear leis an ainmniúchán chun dhá bhardas a chur san áireamh a bhí neamhspleách tráth agus nach bhfuil i ndáiríre mar chuid de Haspengouw ó thaobh riaracháin de ach a bhfuil fo-ithreacha comhchosúla acu. Tá fíonghoirt sna bardais sin a bhfuil sé ar intinn na n-úinéirí iarratas ar an ATFC a dhéanamh ina leith in am agus i dtráth. Baineann an méid sin leis an dá bhardas Zoutleeuw seo a leanas a bhí neamhspleách tráth: Halle-Booienhoven agus Ossenweg.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm(neacha)**

Haspengouwse wijn

2. **Cineál táisc gheografaigh**

ATFC – ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **CATAGÓIRÍ NA DTÁIRGÍ FÍNIÚNA**

1. Fíon

4. **TUAIRISC AR AN BHFÍON (NÓ AR NA FÍONTA)**

1. Saintréithe anailíseacha

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ní mór an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte a bheith 8 % de réir toirte. Níor cheart an neart alcóil iomlán de réir toirte a bheith níos ísle ná 9 % de réir toirte. Má dhéanfar an neart alcóil nádúrtha a mhéadú, níor cheart an neart alcóil iomlán de réir toirte in aon chás a bheith níos airde ná 13,5 % de réir toirte. Ní mór an aigéadacht iomlán in g H_2SO_4/l (cion aigéid iomlán) a bheith ar a laghad 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach, nó 46.6 milleachoibhéis in aghaidh an lítir.

Ní mór paraiméadair anailíseacha nach bhfuil san áireamh sa roinn seo na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais a chomhlíonadh.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	8,5
Aigéadacht iomlán íosta	3,5 milleachoibhéis in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

2. Saintréithe orgánaileipteacha

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Fíonta geala: éadrom, galánta, torthaíoch nó bláthach, dea-bholadh mianrach go pointe uaireanta. Níos míne ná tathagach. Aigéadacht dea-struchtúrtha gan neart alcóil ró-ard mar shaintréith (11 % go 12 % de réir toirte). Is féidir aosú i gcascaí adhmaid fíonta áirithe a fheabhsú. Baineann an méid thuas d'fhíonta rosé freisin. Fíonta dearga: stíl thorthaíoch, úr. Léiríonn na fíonta sin saintréithe na bhfíonta dearga tuaisceartacha 'uile'. Ag brath ar an gcineál fíonchaoire agus bliain an fhíona, d'fhéadfadh struchtúr tainnine a bheith acu áfach. Úsáidtear aosú i gcascaí adhmaid réasúnta minic. Neart alcóil iomlán ní an-ard (11 % go 12,5 % de réir toirte). Is fearr gan an teocht riartha a bheith ró-ard (15 °C go 17 °C). Déanann an coiste creidiúnaithe an tástáil orgánaileipteach agus baineann sí le dath, soiléireacht, dea-bholadh agus blas. Ní mór líon íosta pointí a fháil chun an t-ainmniúchán tionscnaimh a dheonú. Ní dhéantar tástáil orgánaileipteach ach ar fhíonta a léiríonn na saintréithe anailíseacha a éilítear. Rialaítear an bealach ina n-oibríonn an coiste creidiúnaithe ag rialacha inmheánacha nósanna imeachta.

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Saibhriú

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

I gcás fíonchaor úr, úrfhíon fíonchaor leathchoipthe nó fíon nua atá fós faoi choipeadh, féadfar an neart alcóil nádúrtha de réir toirte a mhéadú, ag an bhfíonghort amháin, trí shiúcrós, úrfhíon fíonchaor tiubhaithe nó úrfhíon fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe a chur leis.

2. Dí-aigéadú

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Is féidir an fíon a dhí-aigéadú go páirteach. Féadfar fíonta a dí-aigéadú suas le 1 g/l ar a mhéid a shloinntear mar aigéad tartarach, nó 13,3 milleachoibhéis in aghaidh an lítir.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Uastáirgeacht mheánach le haghaidh na gcineálacha Müller-Thurgau, Kerner, Ortega, Bacchus, Würzer agus Dornfelder

   80 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Do na cineálacha eile

   55 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Tá an limistéar sainithe le haghaidh táirgeadh Hagelandse wijn suite i limistéar fíonsaothrúcháin A in Hageland, ina bhfuil na bailte agus/nó bardais Alken, Bilzen, Borgloon, Gingelom, Halle-Booienhoven, Heers, Herk-de-Stad, Herstappe, Hoeselt, Kortessem, Nieuwerkerken, Ossenweg, Riemst, Sint-Truiden, Tongeren agus Wellen.

7. **Cineál/cineálacha fíniúna**

Auxerrois B

Bacchus B

Bianca B

CHARDONNAY B

Domina N

Dornfelder N

Kerner B

Müller Thurgau B

Optima B

Ortega B

Pinot Blanc B

Pinot Gris G

Pinot Noir N – Vroege Loonse

Regent N

Riesling B

Schönburger Rs – Rosa Muscat

Siegerrebe Rs – Sieger

Würzer B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Suíomh*

Dúrabhán agus marla Haspengouw atá san ithir agus fo-ithir in Haspengouw. Tá dálaí optamacha aeráide ag Haspengouw. Bíonn uaireanta fada an chloig de sholas an lae le linn na tréimhse aibithe mar gheall ar a shuíomh tuaisceartach. Ina theannta sin, áirithítear le cnoic Haspengouw draenáil mhaith agus ráta tarlaithe iomchuí de ghathanna na gréine. Tá miocraeráid ag na fánaí deisceartacha.

8.2. *Mionsonraí an táirge*

Fíonta de chastacht eisceachtúil: fíon uachtarúil agus saghas mianrach a bhfuil aigéadacht leordhóthanach aige.

8.3. *Nasc cúisíoch*

Tá cáilíocht agus saintréithe Haspengouwse wijn go príomha mar gheall ar shaintréithe sonracha na hithreach, fo-ithreach, tírdhreacha agus dálaí optamacha aeráide (an mhiocraeráid na fánaí deisceartacha).

Tugann saintréithe dhúrabhán Haspengouw uachtarúil don fhíon agus soláthraíonn an marla mianracht, chun fíonta de chastacht eisceachtúil a tháirgeadh. Ní léiríonn an fíon na saintréithe sin, áfach, mura bhfuil tiúchan na mianraí ón ithir atá ann ard go leor. Rinneadh an táirgeacht in aghaidh an heicteáir le haghaidh Haspengouwse wijn a theorannú d'aon ghnó dá bhrí sin go 55 hl/ha ar a mhéad. Áirithítear leis an táirgeacht íseal freisin aibíocht leordhóthanach (tiúchan siúcra) na bhfíonchaor.

Ciallaíonn an suíomh tuaisceartach freisin go mbíonn uaireanta an chloig de sholas an lae le linn na tréimhse aibithe níos faide ná mar a bhíonn sna limistéir fíonsaothrúcháin dheisceartacha agus áirithíonn sé aigéadacht leordhóthanach. (Tá sé sin ag éirí ina fhadhb sna réigiúin níos deisceartaí mar gheall ar théamh domhanda.)

Tá fíonta Haspengouw mar thoradh ar thalamh uathúil agus ní féidir iad a chur i gcomparáid le haon táirge eile.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Fíonchaora a phróiseáil chun fíon a dhéanamh díreach ina aice leis an limistéar geografach

Creat dlíthiúil:

Rialacha an Aontais

Cineál an choinníll bhreise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór próiseáil na bhfíonchaor chun úrfhíon fíonchaor a dhéanamh agus an úrfhíona chun fíon a dhéanamh a tharlú laistigh den limistéar geografach ina mbuanadh na fíonchaora, nó, faoi réir údarú roimh ré go sainráite ón choiste creidiúnaithe, díreach in aice leis an limistéar geografach. Chun 'Hagelandse wijn met gecontroleerde oorsprongsbenaming' ['Hagelandse wijn a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh cláraithe aige'] a tháirgeadh, ní mór na fíonchaora uile teacht ón limistéar táirgthe creidiúnaithe.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

http://lv.vlaanderen.be/nl/landbouwbeleid/kwaliteitssystemen/beschermde-oorsprongsbenamingen-bob-en-beschermde-geografische